Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Márta 2024
(OR. en)

7710/24
PV CONS 12
SOC 206
EMPL 114
SAN 158
CONSOM 103

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE[1] AN AONTAIS EORPAIGH
(Fostaíocht, Beartas Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí)

11 Márta 2024

1 An 12 Márta 2024, d'fhreastail na hairí atá freagrach as fostaíocht agus gnóthaí sóisialta ar an gComhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais agus ghlac siad páirt sa díospóireacht bheartais maidir le hinfheistíocht shóisialta agus athchóirithe do gheilleagair athléimneacha.

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 7159/24.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta neamhreachtach** 7406/24

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

**(b) Liosta reachtach** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 7409/24

Gnóthaí Ginearálta

**Rialachán maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú na fógraíochta polaitiúla**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper (Cuid 2), an 6 Márta 2024

6962/1/24 REV 1
PE-CONS 90/23
AG

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an Ungáir ag vótáil ina choinne agus an Eastóin agus an Ostair ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 16 agus 114 CFAE).

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**3. Treoir maidir le dálaí oibre san obair ardáin a fheabhsú** 7212/24 + ADD 1
*Anailís ar an téacs comhréitigh críochnaitheach d'fhonn teacht ar chomhaontú*

Rinne an Chomhairle anailís ar an gcomhaontú sealadach ar thángthas air le Parlaimint na hEorpa an 8 Feabhra 2024 mar a leagtar amach sa doiciméad thuas agus chomhaontaigh sí é.

Leagtar amach na ráitis ón Ostair agus ón Spáinn san Iarscríbhinn a ghabhann leis na miontuairiscí seo.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

**4. An Seimeastar Eorpach 2024**

**(a) Tuarascáil Chomhpháirteach 2024 ar Fhostaíocht** — 6073/24 **+ REV 2 (lv)**
*Glacadh*

Ghlac an Chomhairle Tuarascáil Chomhpháirteach 2024 ar Fhostaíocht, mar a leagtar amach sa doiciméad thuas.

**(b) Conclúidí maidir le Straitéis Bhliantúil 2024 don Fhás Inbhuanaithe agus maidir leis an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht** — 6791/1/24 REV 1 + REV 1 COR 1 **+ REV 2 (fi)**
*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle na conclúidí maidir le Suirbhé Bliantúil 2024 don Fhás Inbhuanaithe agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht mar a leagtar amach sa doiciméad thuas.

Leagtar amach ráiteas ón Ungáir san Iarscríbhinn a ghabhann leis na miontuairiscí seo.

**5. Tosaíochtaí beartais an Aontais amach anseo maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta: tuairim ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta** — 7005/24 + COR 1
*Formheas*

D'fhormhuinigh an Chomhairle an Tuairim ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta maidir le tosaíochtaí beartais an Aontais amach anseo maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, mar a leagtar amach sa doiciméad thuas.

**6. Cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus an Chláir Oibre Shóisialta a bheidh ann amach anseo** — 6835/24
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle maidir le 'Cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus an Chláir Oibre Shóisialta a bheidh ann amach anseo', ar bhonn nóta stiúrtha ón Uachtaránacht mar a leagtar amach sa doiciméad thuas.

**7. Athbhreithniú EMCO ar chur chun feidhme na Ráthaíochta don Aos Óg** — 6831/24 + ADD 1-2
*Formheas*

D'fhormhuinigh an Chomhairle na príomhtheachtaireachtaí maidir leis an athbhreithniú ón gCoiste Fostaíochta ar chur chun feidhme na Ráthaíochta don Aos Óg, mar a leagtar amach sa doiciméad thuas.

**Aon ghnó eile**

8. (a) **Infheistíochtaí sóisialta agus athchóirithe do gheilleagair athléimneacha** 7114/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le hinfheistíochtaí sóisialta agus athchóirithe do gheilleagair athléimneacha.

(b) **Imeachtaí Uachtaránachta** 6999/24
**(i) Cruinniú neamhfhoirmiúil na nAirí Fostaíochta agus Beartais Shóisialta (Namur, an 11 agus an 12 Eanáir 2024)**
**(ii) Comhdhálacha ardleibhéil**
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le himeachtaí na hUachtaránachta.

(c) **Cruinniú Mullaigh na gComhpháirtithe Sóisialta (Val Duchesse, an 31 Eanáir 2024)** 7117/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht agus an Coimisiún ar fáil maidir le Cruinniú Mullaigh na gComhpháirtithe Sóisialta in Val Duchesse.

(d) **Cruinniú Mullaigh Sóisialta Trípháirteach** 7049/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht agus an Coimisiún ar fáil maidir leis an gCruinniú Mullaigh Sóisialta Trípháirteach an 20 Márta 2024.

(e) **Tionscnaimh de chuid an Choimisiúin atá ar na bacáin** 7048/24
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil maidir le tionscnaimh de chuid an Choimisiún atá ar na bacáin.

**(f) Litir maidir leis an ngá atá le díriú níos mó ar reachtaíocht an Aontais a chur chun cinn maidir le teorainnluachanna a leagan síos do shubstaintí san ionad oibre** 7047/24

*Faisnéis ó thoscaireacht na Danmhairge*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Danmhairge ar fáil maidir le Litir faoin ngá atá le díriú níos mó ar reachtaíocht an Aontais a chur chun cinn maidir le teorainnluachanna a leagan síos do shubstaintí san ionad oibre.

**(g) Cláir oibre 2024 an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta (SPC)** 6201/24 6927/24

*Faisnéis ó na Cathaoirligh faoi seach*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir Cathaoirleach an Choiste Fostaíochta agus Cathaoirleach an Choiste um Chosaint Shóisialta ar fáil maidir le cláir oibre na gcoistí do 2024, mar a leagtar amach sna doiciméid thuas.

**(h) Tograí reachtacha reatha** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

**(i) Treoir lena mbunaítear an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas** 12755/23 + ADD 1

**(ii) Treoir lena leathnaítear an Treoir lena mbunaítear an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas chuig náisiúnaigh tríú tír** 15003/23

*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le staid na himeartha i dtaobh na dTreoracha thuas.

**(b) Imeachtaí Uachtaránachta (ar lean)** ⧈2 6999/24

**(ii) Comhdhálacha ardleibhéil**

*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le himeachtaí na hUachtaránachta.

---

❶ An chéad léamh

⧈2 Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

Ⓒ Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna 'B' a leagtar amach in 7159/24**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 3 ar liosta na míreanna 'B':** | **Treoir maidir le dálaí oibre san obair ardáin a fheabhsú**<br>*Anailís ar an téacs comhréitigh críochnaitheach d'fhonn teacht ar chomhaontú* |

## RÁITEAS ÓN OSTAIR

'Tacaíonn an Ostair le cuspóir na Treorach maidir le dálaí oibre a fheabhsú in obair ardáin san Aontas Eorpach. Mar sin féin, ní mór saintréithe ilchineálacha na margaí saothair náisiúnta agus, sa chás seo, geilleagar na n-ardán, a chur san áireamh i ngníomhaíochtaí comhfhreagracha an Aontais.

Mar a luaitear in Aithris 18, ba cheart feidhm a bheith ag an Treoir seo maidir le daoine a dhéanann obair ardáin san Aontas ag a bhfuil conradh fostaíochta nó caidreamh fostaíochta nó go meastar bunaithe ar mheasúnú ar fhíorais go bhfuil conradh fostaíochta nó caidreamh fostaíochta acu mar a shainmhínítear sa dlí, i gcomhaontuithe comhchoiteanna nó sa chleachtas atá i bhfeidhm i ngach Ballstát, agus cásdlí na Cúirte Breithiúnais á chur san áireamh.

San Ostair, tá an tríú catagóir fostaíochta ar an leibhéal náisiúnta ann darb ainm *Freie Dienstnehmer* (conraitheoirí neamhspleácha). Mar sin, más é an stádas idirmheánach sin an stádas ceart de réir dhlí na hOstaire, ba cheart feidhm a bheith ag na cearta agus na hoibleagáidí de bhun an stádais sin.

Sa chomhthéacs sin, cuireann an Ostair i bhfios go láidir nach ndéanann an Treoir seo difear ar bith do dhlí, do chomhaontuithe comhchoiteanna ná do chleachtas na hOstaire maidir le stádas idirmheánach *Freie Dienstnehmer*.'

## RÁITEAS ÓN SPÁINN

'Vótáil Rialtas na Spáinne i bhfabhar an chomhaontaithe shealadaigh, ar thángthas air ag cruinniú tríthaobhach an 8 Feabhra idir Uachtaránacht na Beilge ar an gComhairle agus Parlaimint na hEorpa i ndáil leis an togra le haghaidh Treoir maidir le dálaí oibre san obair ardáin, a fhormheas.

Feidhmiú freagrachta ab é an vóta a chaith Rialtas na Spáinne ós rud é go dtacaíonn tromlach mór na mBallstát, na ngrúpaí polaitiúla i bParlaimint na hEorpa agus cheardchumainn na hEorpa leis an gcomhaontú sealadach.

Ba mhian le toscaireacht na Spáinne a chur in iúl, áfach, go bhfuil roinnt forálacha sa téacs a comhaontaíodh nach bhfuil ag teacht go hiomlán lenar cheart, ina tuairim, a bheith san áireamh sa Treoir seo.

Tacaíonn an Spáinn le hábhar Chaibidil III maidir leis an mbainistiú algartamach, a coimeádadh de réir na dtéarmaí a chomhaontaigh Uachtaránacht na Spáinne agus Parlaimint na hEorpa mí na Nollag 2023, agus ar céim thábhachtach chun tosaigh í maidir le cearta na n-oibrithe agus a n-ionadaithe agus a chuireann le trédhearcacht na n-ardán digiteach.

Creidimid, áfach, go mbunaítear, leis an téacs, toimhde lag, neamhuaillmhianach maidir le fostaíocht, gné lárnach na Treorach, agus go dtagann sin salach ar an méid a chosain toscaireacht na Spáinne ó cuireadh tús leis an gcaibidlíocht maidir leis an togra seo le haghaidh treorach níos mó ná 2 bhliain ó shin.

Leis an gcomhaontú sealadach ar thángthas air i mí na Nollag le linn na gcruinnithe tríthaobhacha faoi stiúir Uachtaránacht na Spáinne, bunaíodh toimhde níos láidre le critéir fostaíochta agus tairseach choiteann cur i bhfeidhm ar fud an Aontais, i gcomhréir le cásdlí CBAE. I ndeireadh na dála, is mó meas a léiríodh ar chearta na n-oibrithe agus is úsáidí a bheadh sé ó thaobh aicmiú ceart na bpost a áirithiú.

Os a choinne sin, agus in éagmais aon chritéir oibre ná tairseach chun a mheas an bhfuil an obair á stiúradh nó a rialú ag an ardán digiteach, agus toisc go bhfágtar an measúnú sin faoin reachtaíocht náisiúnta, is féidir toimhde *à la carte* a bhaint as an gcomhaontú sealadach nua agus d'fhéadfadh nár ionann an toimhde sna Ballstáit uile, agus mar sin, d'fhéadfaí nach mbeadh sé úsáideach chun na milliúin oibrithe féinfhostaithe bréagacha san Aontas a aicmiú mar ba cheart.

Seachas cóineasú sóisialta aníos a bhaint amach agus forálacha íosta comhroinnte a bhunú, is amhlaidh is baol go leanfaí leis an staid dhiúltach agus an drochbhail ar cheart don Treoir a leigheas.

Tá súil ag toscaireacht na Spáinne nach dtiocfaidh an riosca sin chun cinn mar gheall ar an reachtaíocht náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir agus ar fheidhmeanna maoirseachta an Choimisiúin, ionas go ndéanfaí na daoine a bhíonn ag obair ar na hardáin dhigiteacha a aicmiú mar is ceart agus go dtabharfaí aitheantas dá gcearta saothair agus dá gcearta cosanta sóisialta.'

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 4 (b) ar liosta na míreanna 'B':** | **Conclúidí maidir le Straitéis Bhliantúil 2024 don Fhás Inbhuanaithe agus maidir leis an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht**<br>*Formheas* |

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'Glacaimid le torthaí na Tuarascála Comhpháirtí ar Fhostaíocht chomh maith leis na Conclúidí ón gComhairle maidir le Suirbhé Bliantúil 2024 don Fhás Inbhuanaithe agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht. Is ábhar imní don Ungáir, áfach, na tagairtí don Chreat um Chóineasú Sóisialta, mar a thugtar air, sa Tuarascáil ós rud é nach ndearnadh aon chinneadh ar an leibhéal polaitiúil ná ar leibhéal saineolach maidir lena úsáid agus nár tugadh an mhodheolaíocht a ghabhann leis i gcrích, fiú.

D'aithníomar, ar an drochuair, go gcuireann an Tuarascáil Chomhpháirteach 2024 ar Fhostaíocht an Creat um Chóineasú Sóisialta chun feidhme agus go n-áirítear inti anailís níos sonraí ó thaobh tíre de bunaithe ar ghnéithe an Chreata um Chóineasú Sóisialta. Athdhearbhaímid go bhfuil cur i bhfeidhm an Chreata um Chóineasú Sóisialta in 2024 le glacadh mar phíolóta, mar a leagtar amach i bpríomhtheachtaireachtaí na Tuarascála Comhpháirtí ar Fhostaíocht agus sna Conclúidí ón gComhairle chomh maith. Cuirimid i bhfios go láidir freisin, tar éis bailchríoch a chur ar an bpróiseas píolótach, gur cheart anailís cháiréiseach a dhéanamh ar úsáid ghnéithe an Chreata um Chóineasú Sóisialta, go háirithe tionchar an Chreata, ar an mbreisluach agus ar an ualach riaracháin.'